

CAL FAICHE NETTLES

(Urtica dioica)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann suas go 2 mhéadar ar airde
- scaipeann go tapa trína gcuid fréamhacha chun paistí móra a fhoirmiú, go háirithe nuair a bhíonn neart cothaitheach san ithir
- tá a gcuid bláthanna glas agus bídeach, ar phlandaí fireanna agus bainneanna ar leithligh
- is féidir bainneannaigh a aithint go héasca nuair a bhíonn síol acu
- tá na duilleoga dorcha glasa leagtha amach ina mbeirteanna os comhair a chéile le himill dhomhain fiaclacha
- tá an planda ar fad clúdaithe le ribí beaga bídeacha cailgeacha



AIRGEAD LUACHRA MEADOW SWEET

(Filipendula ulmaria)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann suas go 120cm ar airde, go tapa
- fásann in ithir thais
- duilleoga suntasacha le píosaí beaga duilleacha idir gach péire duillíní
- tagann boladh míochaine as nuair a bhrúisctear é
- spraeanna bánbhuí de bhláthanna bídeacha bána
- tá cruth foriomlán na spraeanna seo cosúil le gloine sheaipéin
- ná meashtar iad le speicis i bhfine na gcairéad a bhfuil a bláthanna níos gile agus cruth níos cruinne orthu



GALLFHEABHRÁN ANGELICA

(Large Umbel)
(Angelica sylvestris)

Faoi bhláth: Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann ó 1 go 2 mhéadar ar airde
- bláthanna beaga bídeacha a in umbail ghéagacha
- bláthanna i gcruth liathróide
- gais chorcra-donn mín gan gruaig agus bláth geal orthu
- tá 20-30 gathanna ag an gceann bláthanna
- tá duillíní fiaclacha ag na duilleoga móra roinnte agus iad deighilte go hiomlán óna chéile



FHEABHRÁN HOGWEED

(Large Umbel)
(Heracleum sphondylium)

Faoi bhláth: Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann ó 1 go 2 mhéadar ar airde
- bláthanna beaga bídeacha bána in umbail ghéagacha
- tá ceann na mbláthanna measartha cothrom ar a bharr
- níos lú gathanna ná an Gallfheabhrán
- tá na gais glas, iomaire, agus fionnadh go mín
- tá bileoga ag a nduilleoga ollmhóra nach bhfuil scartha óna chéile



MEALBHACÁN

WILD CARROT (*Small Umbel*)
(*Daucus carota*)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair

- fásann ó 30 - 75cm ar airde
- le fáil i bhféarach agus ar bhóithríní tuaithe
- bractanna tanaí gabhlánacha timpeall ar an mbláthcheann
- dáth bánbhuí ar an mbláthcheann agus cuma bhándearg orthu agus iad óg
- uaireanta bíonn bláth dearg amháin sa lár ar na bláthchinn
- cuma agus boladh cosúil le cairéid ar na duilleoga



FEOCHADÁN CORRAIGH

MEADOW THISTLE

(*Cirsium dissectum*)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

Tá bioranna géara ar dhuilleoga gach feochadán agus bláthanna beaga i gceann dlúth. Tá síolta fionnacha acu a scaiptear sa ghaoth.

Feochadán móna:

- fásann suas go 60cm ar airde
- fásann i bhféarach tais
- tá ceann amháin bláthanna corcra aige ar ghas gan spíon
- cuma meathbhán ar an bplanda ar fad mar go bhfuil sé clúdaithe le ribí boga bána
- tá spíonacha corcra ar gach duilleog neamhroinnte ach tá siad seo sách bog le faoi do lámh



CÚLARÁN

PIGNUT (*Small Umbel*)
(*Conopodium majus*)

Faoi bhláth: Bealtaine, Meitheamh

- fásann suas go 50cm ar airde
- le fáil i gcoillearnacha, fála & féarach
- feictear na duilleoga cleiteacha go luath san earrach
- bláthchinn óga bhána a chasann aníos agus iad ag teacht in aibíocht



FEOCHADÁN MÓNA

MARSH THISTLE

(*Cirsium palustre*)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

Tá bioranna géara ar dhuilleoga gach feochadán agus bláthanna beaga i gceann dlúth. Tá síolta fionnacha acu a scaiptear sa ghaoth.

Feochadán móna:

- fásann suas go 120cm ar airde
- fásann in ithreacha a choimeádann tais
- débhlíantóg (saolré 2 bhliain)
- fásann bláthanna ina gcroibhaingí corcra dorcha, agus bán uaireanta
- tá na duilleoga dorcha agus tá marcanna corcra ar a n-imill
- gais sciathánacha le pointí géara



PEASAIR NA LUCH TUFTED VETCH

(Vicia cracca)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- straigléirí le teannóga nó pointí gearra ag deireadh a nduilleoga cleiteacha
- tá bláthanna cosúil le piseanna i dtriopail duilleoga acu
- fásann suas go 2 mhéadar ar airde
- tá bláthanna gormchorca acu
- 10-40 bláth i ngach dias
- tá duilleoga déanta as go leor duillíní le taobhanna comhthreomhara agus teannóg fhada ag an mbarr a úsáideann sé chun greim a choinneáil ar ghais plandaí eile



MAGAIRLÍN ORCHIDS

Faoi bhláth: Bealtaine, Meitheamh, Iúil

- Tá 30 speiceas dúchasach magairlín fiáin in Éirinn
- ar fáil de ghnáth in ithir atá íseal ó thaobh cothaitheach de
- i bhféarach, is plandaí gearra go meánach-ard iad magairlíní le bláthanna neamhghnácha
- tá duilleoga ar nós strapa le féitheacha comhthreomhara acu
- tá séasúr bláthaithe samhraidh gearr acu ach bíonn na róiséid duille ann i rith an gheimhridh



BOLADH CNIS LADY'S BEDSTRAW

(Galium verum)

Faoi bhláth: Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann suas go 10-30cm ar airde
- tá bláthanna beaga buí acu
- fásann siad tríd an bhféar ar ghais thanaí
- tá ceithre pheitil bheaga bídeacha ag Boladh Cnis
- cuirtear duilleoga i bhfáinní timpeall an ghais chearnógaigh
- le fáil ar ithreacha alcaileacha



FEILEASTRAM YELLOW-FLAG IRIS

(Iris pseudacorus)

Faoi bhláth: Meitheamh, Iúil, Lúnasa

- fásann suas go 1.5 mhéadar ar airde
- is maith leis fás i limistéir thaise, mar riasca, portaigh, timpeall ar lochanna, díoga, bruacha abhann
- tá bláthanna móra buí geala i dtriopail i bpéire agus i dtiúr acu
- tá sé go hiontach chun beacha agus féileacáin a mhealladh
- tá tiúbair díobhálach má itear iad (mar atá le gach feileastram)



LON DUBH

BLACKBIRD

(Turdus merula)

- clúmh dubh ar na fireannaigh le gob buí (mar atá sa phictiúr)
- tá baineannaigh donn, le scornach agus cliabhach breac meathbhán
- fásann aosaigh suas go 24cm ar airde
- ball d'fhine an smólaigh
- ceolann go han-ghlórach, go fonnmhar le ton saibhir agus míreanna soiléire
- itheann péisteanna talún agus feithidí eile
- tógann sé neadacha i gcruth cupáin déanta as féara atá líneáilte le láib, i gcrainn nó i dtoir
- suas le cúig ál in aghaidh an tséasúir




GLASÓG SHRÁIDE

PIED WAGTAIL

(Motacilla alba yarrellii)

- fásann aosaigh suas go 18cm ar airde
- le feiceáil go minic ag cuardach bia ar chosáin nó ar fhaichí oscailte
- an-sóisialta
- glao ard dhá nóta: 'chis-ICK'
- itheann feithidí bídeacha agus inveirteabraigh eile den chuid is mó
- is fearr leo neadú i neadacha beaga a dhéantar de ghruaig agus de chleití, i bpoill i mballaí
- dhá nó trí hál in aghaidh an tséasúir



SPIDEOG

ROBIN

(Erithacus rubecula)

- fásann aosaigh suas go 12-14cm ar airde
- an t-éan gairdín is forleithne in Éirinn'
- amhrán álainn, éagsúlacht glaonna, lena n-áirítear 'tic' a dhéantar arís agus arís
- itheann feithidí, síolta agus roinnt torthaí
- tógann neadacha i gcruth cupáin i dtoir nó i dtoim, nó i gcuasanna i mballaí nó i gcrainn
- leagann 5-7 uibh scothghorm agus bán
- dhá go trí hál



DREOLIN

WREN

(Troglodytes troglodytes)

- ceann de na héin is lú in Éirinn' (9-10cm ar airde)
- le fáil i bhformhór na ngnáthóg (talamh feirme, coillearnach, scrobarnach, etc.)
- an-ard, amhrán tríleach
- itheann feithidí beaga & a gcuid larbhaí
- tógann nead folaithe de chaonach i gcruth cruinneacháin
- beireann 5-8 uibh bhána
- dhá ál

